eDeposit Ireland

Mental Health (Criminal Law) Review Board Annual Report 2012

Item Type	report
Citation	Ireland. Mental Health (Criminal Law) Review Board, 'Mental Health (Criminal Law) Review Board Annual Report 2012', [report], Mental Health (Criminal Law) Review Board, 2013
Publisher	Mental Health (Criminal Law) Review Board
Download date	2026-06-16 09:12:38
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/110593

An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte
(An Dlí Coiriúil)

MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

Tuarascáil Bhliantúil 2012

An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: (01) 602 8221
R-phost: info@mhclrb.ie
Láithreán Gréasáin: www.mhclrb.ie

CLÁR **LEATHANACH**

1.	**Réamhfhocal an Chathaoirligh**	**3**
2.	**Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**	**5**
3.	**Athbhreithnithe de chuid an Bhoird**	**5**
4.	**Orduithe um Urscaoileadh**	**7**
5.	**Orduithe um Aistriú ar ais go Príosún**	**8**
6.	**An Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**	**8**
7.	**Imeachtaí Dlí**	**9**
8.	**Cruinnithe/Cuairteanna**	**10**
9.	**Caiteachas**	**11**
10.	**Aighneachtaí de chuid an Bhoird**	**11**

AGUISÍNÍ

Aguisín A -	**Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa i 2012/2011**	**13**
Aguisín B -	**Líon Othar a ndearnadh athbhreithniú orthu de réir Diagnóise i 2012/2011**	**14**
Aguisín C -	**Líon Éisteachtaí de réir Cineál Athbhreithnithe i 2012/2011**	**15**
Aguisín D -	**Líon Éisteachtaí i 2012/2011 de réir Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú**	**16**
Aguisín E -	**Meánlíon Cásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlí ar an bPainéal Cúnaimh Dlí i 2012/2011**	**17**
Aguisín F -	**Líon Othar a Urscaoileadh go Coinníollach i 2012/2011**	**18**
Aguisín G -	**Líon Iarratas ar Urscaoileadh Neamhchoinníollach i 2012**	**19**

1. RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) ar an 27 Meán Fómhair 2006 faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006. Is í príomhfheidhm an Bhoird athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar faoin Acht in ionad ainmnithe. Faoi láthair is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon ionad atá ainmnithe. Is í seo an séú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird Athbhreithnithe agus baineann sí le gníomhaíochtaí an Bhoird le linn 2012.

I 2012, bhí laghdú 10% ar líon na n-athbhreithnithe ar choinneáil a rinne an Bord, rud atá, ar ndóigh, ag brath ar líon na n-othar faoi choinneáil faoin Acht. Rinneadh 164 éisteacht athbhreithnithe san iomlán, i gcomparáid leis na 182 éisteacht a rinneadh i 2011. Tháinig an laghdú seo chun cinn go páirteach mar gheall ar laghdú ar líon na n-othar ar tháinig a gcoinneáil faoi shainchúram an Bhoird le haghaidh athbhreithnithe, ó 84 othar i 2011 go 76 othar i 2012, agus mar gheall gur deonaíodh urscaoileadh coinníollach do líon beag othar le linn 2012. Cé go bhfuil siad fós clúdaithe ag an Acht agus iad urscaoilte go coinníollach, ní thagann na hothair seo os comhair an Bhoird le haghaidh éisteachtaí rialta athbhreithnithe gach sé mhí toisc nach bhfuil siad faoi choinneáil a thuilleadh in ionad ainmnithe. Is féidir le hothair atá urscaoilte go coinníollach iarratas a dhéanamh chuig an mBord, áfach, le haghaidh coinníollacha a athrú nó a bhaint. Is féidir leis an Stiúrthóir Cliniciúil a leithéid a dhéanamh freisin. Is féidir le hothar atá urscaoilte go coinníollach iarratas a dhéanamh chomh maith ar urscaoileadh neamhchoinníollach 12 mhí tar éis dháta a chuid urscaoilte choinníollach. I 2012, thionóil an Bord trí éisteacht chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar urscaoileadh neamhchoinníollach ó othair a urscaoileadh go coinníollach i 2011.

Den chéad uair i 2012, rinne an Bord 14ú, 15ú agus 16ú hathbhreithnithe ar choinneáil roinnt othar. Den chéad uair i 2012 freisin, rinne an Bord ordú chun príosúnach a aistriú ar ais go príosún, tar éis dó teacht ar an tuairim go bhféadfaí an chóireáil a bhí á fáil ag an bpríosúnach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a chur ar fáil i bpríosún.

Thar ceann mo chomhghleacaithe, Nora McGarry Uas. agus an Dr Michael Mulcahy, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas an Bhoird a ghabháil leis an Ollamh Harry Kennedy agus leis na Síciatraithe Comhairleacha Fóiréinseacha agus leis an bhfoireann altranais, seirbhísí sóisialta agus riaracháin ag an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar as a gcuid comhoibrithe agus cúnaimh i rith na bliana agus as áiseanna a sholáthar ag an Ospidéal le haghaidh éisteachtaí athbhreithnithe a thionól. Ba mhaith liom ionracas a dhéanamh le hobair na n-ionadaithe dlí a dhéanann ionadaíocht d'othair a thagann os comhair an Bhoird le haghaidh athbhreithnithe. Mar gheall ar a gcuid breoiteachta, níl a lán othar in ann labhairt ar a son féin agus cabhraíonn a gcuid ionadaithe dlí leo ar bhealaí a théann thar a sainchúram, rud a bhfuil an-mheas ag an mBord air.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne an Bhoird, An tUas. Greg Heylin, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Catherine Hayes Uas. agus Ann Casey Uas. as a gcuid cúnaimh i rith na bliana.

An Breitheamh Brian McCracken
Cathaoirleach

Aibreán 2013

2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Bunaíodh An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, a raibh feidhm leis ón 27 Meán Fómhair 2006. Tá an Bord Athbhreithnithe freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar in ionaid ainmnithe (faoi láthair is é an t-aon ionad ainmnithe ná an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar) a cuireadh isteach ann de bharr cinnidh de chuid na gcúirteanna nach bhfuil siad oiriúnach chun cur faoi thriail nó a measadh a bheith neamhchiontach i gcion de bharr gealtachta. Déanann an Bord athbhreithniú chomh maith ar choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a aistríodh chuig ionad ainmnithe agus atá ag fulaingt mí-ord meabhrach. Leasaíodh Acht 2006 leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010, a achtaíodh i mí Feabhra 2011. Leis an Acht sin, tugadh cumhacht don Bhord othair a urscaoileadh, faoi réir coinníollacha infhorfheidhmithe. Tá an Bord Athbhreithnithe neamhspleách go reachtúil ó thaobh chomhlíonadh a chuid feidhmeanna de.

3. ATHBHREITHNITHE DE CHUID AN BHOIRD

Aon tráth áirithe, coinnítear thart ar 80 othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, ach athraíonn an líon sin ó am go ham toisc go n-aistrítear othair as príosún chuig an Ospidéal ar mhaithe le cóireáil agus cúram agus cuirtear ar ais chuig an bpríosún ina dhiaidh sin iad. Chomh maith leis sin, ó thosach feidhme Acht 2010, ní thagann othair atá urscaoilte go coinníollach faoi shainchúram an Bhoird le haghaidh athbhreithnithe ar a gcoinneáil a thuilleadh toisc nach bhfuil siad faoi choinneáil sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

Ní mór don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar ag tráthanna nach faide ná 6 mhí. Dá bhrí sin, bíonn dhá éisteacht athbhreithnithe in aghaidh na bliana ag othair fhadtéarmacha de ghnáth. Is féidir tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh ar othair áirithe toisc gur féidir tús a chur le hathbhreithnithe lasmuigh de na hathbhreithnithe sin a sceidealtar go rialta, (i) ar éileamh ón mBord; (ii) ar éileamh ón othar; (iii) ar éileamh ón Stiúrthóir Cliniciúil; nó (iv) is féidir leis an Aire Dlí agus Comhionannais ordú a thabhairt don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcoinneáil othair atá san Ospidéal go neamhdheonach. Déantar na hathbhreithnithe uile sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

Le linn 2012, rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 76 othar, agus 164 éisteacht athbhreithnithe san iomlán á dtionól aige. Is ionann é sin agus laghdú 10% ar líon na n-athbhreithnithe a rinneadh i 2011, arbh é 182 athbhreithniú san iomlán é. Diagnóisíodh 78% de na hothair a ndearnadh athbhreithniú orthu i 2012 le scitsifréine, bhí neamhord scitseamhothachtálach ar 14% díobh agus diagnóisíodh 8% díobh le neamhoird eile. Cuirtear é sin i gcomparáid leis na figiúirí do 2011, tráth a rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 84 othar. Diagnóisíodh 72% de na hothair le scitsifréine, bhí neamhord scitseamhothachtálach ar 14% díobh agus bhí neamhoird eile ar 14% díobh. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an grúpa lárnach céanna othar a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu gach bliain. (Tagairt in Aguisíní A agus B).

Den chéad uair i 2012, rinne an Bord 14ú, 15ú agus 16ú hathbhreithnithe ar choinneáil roinnt othar. De na 164 éisteacht, b'ionann 27 ceann agus 14ú hathbhreithnithe, b'ionann 8 gcinn agus 15ú hathbhreithnithe agus b'ionann ceann amháin agus 16ú hathbhreithniú, is é sin, 16%, 5% agus 1% faoi seach de líon iomlán na n-éisteachtaí. Bhí

7% de na héisteachtaí i 2012 ag céim an chéad athbhreithnithe, i gcomparáid le 8% i 2011. (Tagairt in Aguisín C).

Bhain formhór na n-athbhreithnithe le hothair a cuireadh isteach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, arna leasú, a measadh a bheith neamhchiontach de bharr gealtachta. I 2012, bhain 105 éisteacht, ar 64% de líon iomlán na n-éisteachtaí iad, le coinneáil othar a cuireadh isteach faoi Alt 5(2). I 2011, bhí 121 éisteacht, nó 66% den iomlán, sa chatagóir seo. I 2012, bhain 20% de líon iomlán na n-éisteachtaí, le hathbhreithnithe ar choinneáil othar a cuireadh isteach faoi Alt 15(2) den Acht, ar phríosúnaigh iad a aistríodh go neamhdheonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun cúram agus cóireáil a fháil nach bhféadfaí a chur ar fáil sa phríosún. B'ionann an grúpa seo agus 17% d'éisteachtaí i 2011. (Tagairt in Aguisín D).

4. ORDUITHE UM URSCAOILEADH

I 2012, d'fhaomh an Bord urscaoileadh coinníollach seachtair othar eile, an líon céanna a d'fhaomh sé i 2011. D'ordaigh an Bord go ndéanfaí othar amháin i Meitheamh, othar amháin in Iúil, beirt othar i Lúnasa, beirt othar i nDeireadh Fómhair agus othar amháin i Samhain a urscaoileadh go coinníollach. De na hothair sin a urscaoileadh go coinníollach, coinníodh duine amháin sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ar feadh 14 bliana, coinníodh ceathrar ar feadh beagáin os cionn 6 bliana ar an meán, coinníodh duine amháin ar feadh 3 bliana agus coinníodh duine amháin ar feadh sé seachtaine. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an fad ama atá othar á choinneáil san Ospidéal ina fhoras riachtanach ná leordhóthanach é féin le hurscaoileadh coinníollach a dheonú (Tagairt in Aguisín F).

Fuair an Bord ceithre iarratas ar urscaoileadh neamhchoinníollach i 2012 ó othair a urscaoileadh go coinníollach i 2011, 12 mhí tar éis dháta a gcuid urscaoilte choinníollach. As na ceithre iarratas a fuarthas, dheonaigh an Bord dhá urscaoileadh neamhchoinníollacha, dhiúltaigh sé do cheann amháin agus tarraingíodh iarratas amháin siar ar an maidin a bhí an Bord sceidealta chun éisteacht leis an iarratas. (Tagairt in Aguisín G).

5. ORDUITHE UM AISTRIÚ AR AIS GO PRÍOSÚN

Faoi Alt 17 d'Acht 2006, tá cumhacht ag an mBord Athbhreithnithe a ordú go n-aistreofar príosúnach ó ionad ainmnithe ar ais go príosún. Sula dtugann sé an t-ordú chun críche, tá dualgas ar an mBord dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun treoir a lorg maidir le cén príosún ar cheart don Bhord an príosúnach a chur chuige. D'fheidhmigh an Bord an chumhacht seo den chéad uair i 2012 nuair a d'ordaigh sé go gcuirfí príosúnach ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chuig príosún, tar éis dó teacht ar an tuairim go bhféadfaí an chóireáil chuí a chur ar fáil don phríosúnach i bpríosún. Mar aon le cumhacht an Bhoird faoi Alt 17, tá cumhacht ag Stiúrthóir Cliniciúil ionaid ainmnithe faoi Alt 18 a ordú go gcuirfear príosúnach ar ais chuig príosún, agus feidhmíonn Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar an chumhacht seo go minic.

6. AN SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍ MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Ceanglaítear le hAlt 12 (1)(c) d'Acht 2006 ar an mBord ionadaí dlí a shannadh d'othair atá faoi réir athbhreithnithe mura bhfuil sé beartaithe acu féin ionadaíocht dlí a fhostú ar a gcostas féin. Chun na críche sin, chuir an Bord An Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006 i bhfeidhm faoinar bunaíodh painéal d'ionadaithe dlí. Is

féidir le hothair diúltú do sheirbhísí an aturnae a sannadh ón bpainéal agus is féidir leo aturnae eile a iarraidh ón bpainéal nó is féidir leo aturnae nach bhfuil ar an bpainéal a fhostú. Ar mhaithe le leanúnachas, féachann an Bord leis an aturnae céanna a shannadh d'othar d'aon athbhreithniú ina dhiaidh sin, ag féachaint don fhíric gur othair mheabhair-easlána iad.

I 2012, bhí 26 aturnae ceangailte le Painéal na nIonadaithe Dlí. Ba é meánlíon na gcásanna a sannadh d'aturnaetha i 2012 ná sé cinn, i gcomparáid le seacht gcinn i 2011. Sannadh meánlíon de 12 chás an duine don ardcheathairíl aturnaetha a bhí ar an bpainéal i 2012. Ba é 14 chás an líon cásanna sin i 2011. Sannadh meánlíon de 11 chás don dara agus don tríú ceathairíl le chéile i gcomparáid le 12 cheann i 2011. Sannadh dhá chás ar an meán don cheathairíl íochtair i 2012, i gcomparáid le trí cinn i 2011. (Tagairt in Aguisín E).

7. IMEACHTAÍ DLÍ

Eisíodh Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh i gcás amháin i gcoinne an Bhoird i 2012 agus tá sé mar seo a leanas:

> ***ET (duine mímheabhrach) v An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)***
> ***Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tArd-Aighne (Páirtithe Fógartha)***

Ina dhiaidh sin, chuaigh an Stiúrthóir Cliniciúil sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar isteach leis an mBord mar fhreagróir sna himeachtaí, a bhí ag leanúint ar aghaidh amhail deireadh 2012 fós.

8. CRUINNITHE/CUAIRTEANNA

I mí Feabhra 2012, thug an Bord cuairt ar chóiríocht nua i mbrú d'othair ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a bhfuil urscaoileadh sealadach deonaithe dóibh faoi Alt 14 den Acht nó atá urscaoilte go coinníollach ag an mBord. D'amharc an Bord ar an gcóiríocht agus bhuail sé leis na soláthraithe seirbhíse agus le baill foirne an Ospidéil, a thug faisnéis don Bhord maidir leis na socruithe d'othair atá ar tí bogadh isteach sa bhrú.

I mí an Mhárta, thug an Bord cuairt ar ionad oiliúna a sholáthraíonn seirbhísí oiliúna athshlánúcháin agus gairme do dhaoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Bhuail an Bord le baill foirne agus le húsáideoirí seirbhíse, d'amharc sé ar na ceardlanna agus chuala sé faoi obair an ionaid. Mheas an Bord go raibh an chuairt an-fhaisnéiseach agus bhraith sé gur thug sí léargas níos fearr dó ar an oiliúint agus ar an tacaíocht a sholáthraítear d'othair ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a fhreastalaíonn ar an ionad mar chuid dá bpróiseas athshlánúcháin.

I mí Iúil, thug an Bord cuairt ar Phríosún Mhuinseo agus bhuail sé leis an nGobharnóir Whelan agus le baill foirne. Toisc go ndéanann an Bord athbhreithniú gach bliain ar choinneáil roinnt príosúnach a aistríodh chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, bhí spéis ar leith ag an mBord i gcuairt a thabhairt ar an aonad ardtacaíochta speisialta ag an bpríosún a chuireann cúram ar fáil do phríosúnaigh a bhfuil neamhord meabhrach orthu agus do phríosúnaigh leochaileacha. Tá an t-aonad seo ina limistéar tiomnaithe sa phríosún inar féidir cúram a thabhairt do phríosúnaigh a bhféadfadh a bheith ina mbaol díobhála dóibh féin nó do dhaoine eile agus inar féidir monatóireacht a dhéanamh ar na daoine sin go sábháilte. Is féidir leis an gcúram a fhaigheann príosúnaigh san aonad ó

bhaill foirne príosúin atá oilte go speisialta agus ó sheirbhís inrochtana síciatrachta an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar an gá atá le príosúnaigh áirithe a chur chuig an Ospidéal a sheachaint.

I ngach ceann de na trí chuairt, fuair an Bord dea-thuairim faoi chúram agus ghairmiúlacht na foirne.

I mí an Mheithimh, d'fhreastail an Dr. Mulcahy ar chúrsa aon lae arna eagrú ag an tSeirbhís Náisiúnta Meabhair-Shláinte Fóiréinsí dar teideal "An comhéadan idir Síciatracht agus an Córas Ceartais Choiriúil 2012". Is é a bhí i gceist leis an gcúrsa ná na fadhbanna a thagann chun cinn sna luathchéimeanna idirghníomhaíochta idir na seirbhísí meabhairshláinte agus ag oifigigh dhlí. Bhí sé mar aidhm ag an gcúrsa na réitigh agus na nósanna imeachta is fearr, bunaithe ar thaithí le déanaí, a chur ar fáil.

9. CAITEACHAS

B'ionann caiteachas iomlán an Bhoird i 2012 agus €378,248. Caitheadh €100,707 ar phá, €91,752 ar sholáthar cúnaimh dlí in aisce agus €185,789 ar chostais eile.

10. AIGHNEACHTAÍ DE CHUID AN BHOIRD

Athbhreithniú ar an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú

Mar a tuairiscíodh i dtuarascáil na bliana seo caite, bhí an Bord i mbun aighneacht a ullmhú le haghaidh athbhreithnithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le hoibriú an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú ag an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010. Chuir an Bord a aighneacht ar aghaidh chuig an Roinn go luath

i 2012 ar ábhair thosaíochta don Bhord agus ar shaincheisteanna san Acht a dhéanann difear d'fheidhmiú an Bhoird.

Grúpa Idir-Rannach chun scrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist a bhaineann le daoine a bhfuil tinneas meabhrach nó neamhord meabhrach orthu a bheith ag teacht i dteagmháil leis an gCóras Ceartais Choiriúil

I mí an Mhárta, d'eisigh an Grúpa Idir-Rannach a cuireadh ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist a bhaineann le daoine a bhfuil tinneas meabhrach nó neamhord meabhrach orthu a bheith ag teacht i dteagmháil leis an gCóras Ceartais Choiriúil iarratas le haghaidh aighneachtaí. Chuir an Bord aighneacht ar aghaidh chuig an nGrúpa i mí Aibreáin. Agus a aighneacht á hullmhú aige, thug an Bord aird ar an bhfíric go raibh an Grúpa ag déanamh breithniú ar an dóigh is fearr chun seirbhísí meabhairshláinte a sheachadadh mar is ceart do dhaoine sa chóras ceartais choiriúil, chun filleadh na ndaoine sin ar an bpobal in am trátha a éascú agus chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh le cóireáil riachtanach a chur orthu tar éis iad a urscaoileadh. Tá an Grúpa faoi chomhchathaoirleacht na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na Roinne Sláinte. Cuimsíonn sé ionadaithe ó sheirbhísí ábhartha, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte Fóiréinsí, an Garda Síochána agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Nóta:
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010
Nósanna Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), agus
Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006
Tá na cáipéisí thuas ar fáil ag láithreán gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie)

Aguisín A

Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa i 2012/2011

Mí	Líon Éisteachtaí 2012	% d'Iomlán 2012	Líon Éisteachtaí 2011	% d'Iomlán 2011
Eanáir	13	8%	17	9%
Feabhra	12	7%	14	8%
Márta	15	9%	26	14%
Aibreán	15	9%	16	9%
Bealtaine	12	7%	13	7%
Meitheamh	15	9%	14	8%
Iúil	11	7%	14	8%
Lúnasa	16	10%	11	6%
Meán Fómhair	14	9%	15	8%
Deireadh Fómhair	15	9%	16	9%
Samhain	14	9%	14	8%
Nollaig	12	7%	12	6%
Iomlán	**164**	**100%**	**182**	**100%**

Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa 2012/2011



Líon Othar a ndearnadh athbhreithniú orthu de réir Diagnóise i 2012/2011

Diagnóis	Líon othar athbhreithnithe 2012	% d'Iomlán 2012	Líon othar athbhreithnithe 2011	% d'Iomlán 2011
Scitsifréine	59	78%	60	72%
Neamhord Scitseamhothálach	11	14%	12	14%
Neamhoird eile	6	8%	12	14%
Iomlán	**76**	**100%**	**84**	**100%**

Áirítear le Neamhoird Eile:

Neamhord Mothachtálach Dépholach

Neamhord Pearsantachta Frithshóisialta

Neamhord Pearsantachta Paranóidí

Míchumas Intleachtúil

Neamhord Siabhráin

Neamhord Siabhráin Seasmhach

Neamhord Trom Dúlagair Athfhillteach le Gnéithe Síocóiseacha

Neamhord Síocóiseach

Céatadán Othar Athbhreithnithe in aghaidh na Diagnóise i 2012/2011



Aguisín C

Líon Éisteachtaí de réir Cineál Athbhreithnithe i 2012/2011

An Cineál Athbhreithnithe	Líon Athbhreithnithe 2012	% d'Iomlán 2012	Líon Athbhreithnithe 2011	% d'Iomlán 2011
1ú hAthbhreithniú	11	7%	15	8%
2ú hAthbhreithniú	8	5%	10	6%
3ú hAthbhreithniú	6	4%	8	4%
4ú hAthbhreithniú	6	4%	5	3%
5ú hAthbhreithniú	8	5%	7	4%
6ú hAthbhreithniú	6	4%	9	5%
7ú hAthbhreithniú	4	2%	7	4%
8ú hAthbhreithniú	5	3%	10	6%
9ú hAthbhreithniú	5	3%	15	8%
10ú hAthbhreithniú	8	5%	28	15%
11ú hAthbhreithniú	10	6%	39	21%
12ú hAthbhreithniú	16	9%	27	15%
13ú hAthbhreithniú	35	21%	2	1%
14ú hAthbhreithniú	27	16%		
15ú hAthbhreithniú	8	5%		
16ú hAthbhreithniú	1	1%		
Iomlán	**164**	**100%**	**182**	**100%**

Líon Éisteachtaí de réir an Chineáil Athbhreithnithe i 2012/2011



Líon Éisteachtaí i 2012/2011 de réir Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú

Alt d'Acht 2006	Líon Éisteachtaí 2012	% d'iomlán 2012	Líon Éisteachtaí 2011	% d'iomlán 2011
Alt 4(3)	1	1%	2	1%
Alt 4(5)	14	8%	15	8%
Alt 5(2)	105	64%	121	66%
Alt 15(1)	10	6%	10	5%
Alt 15(2)	33	20%	31	17%
Alt 15(5)	1	1%	3	3%
Iomlán	**164**	**100%**	**182**	**100%**

Alt 4(3)	Neamhinniúil ar Phleadáil, Cúirt Dúiche
Alt 4(5)	Neamhinniúil ar Phleadáil, Cúirt Eile
Alt 5(2)	Neamhchiontach de bharr gealtachta
Alt 15(1)	Aistriú Deonach ó Phríosún
Alt 15(2)	Aistriú neamhdheonach ó Phríosún
Alt 15(5)	Leanúint d'aistriú deonach ó Phríosún tar éis cúram nó cóireáil a dhiúltú

Líon Éisteachtaí i 2012/2011 in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú



Aguisín E

Meánlíon Cásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlí ar an bPainéal Cúnaimh Dlí i 2012/2011

Bliain	Líon Ionadaithe Dlí ar an bPainéal	Meánlíon cásanna a sannadh	Meanlíon cásanna a sannadh Ardcheathairíl	Meánlíon cásanna a sannadh 2ú & 3ú Ceathairíl	Meánlíon cásanna a sannadh Ceathairíl Íochtair
2012	26	6	12	11	2
2011	26	7	14	12	3

Aguisín F

Líon Othar a Urscaoileadh go Coinníollach i 2012/2011

Mí an Ordaithe um Urscaoileadh Coinníollach	Líon Othar 2012	Líon Othar 2011
Márta		2
Bealtaine		3
Meitheamh	1	1
Iúil	1	1
Lúnasa	2	
Deireadh Fómhair	2	
Samhain	1	
Iomlán	**7**	**7**

Aguisín G

Líon Iarratas ar Urscaoileadh Neamhchoinníollach i 2012

Líon Iarratas a Fuarthas	Líon a Deonaíodh	Líon a Diúltaíodh	Líon a Tarraingíodh Siar
4	**2**	**1**	**1**